Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Aibreán 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0090 (COD)**

**7876/18**
**ADD 4**

**CONSOM 101**
**MI 246**
**ENT 65**
**JUSTCIV 85**
**DENLEG 28**
**CODEC 522**
**IA 92**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 98 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh TREORACHA Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE (1) lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993, Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint tomhaltóirí agus (2) maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 98 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: SWD(2018) 98 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.4.2018
SWD(2018) 98 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

**TREORACHA Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**(1) lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993, Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint tomhaltóirí**

**agus**

**(2) maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE**

{COM(2018) 184 final} - {SWD(2018) 96 final}

GA GA

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Treoir lena dtugtar isteach leasuithe spriocdhírithe ar Threoracha maidir le dlí tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh agus Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear agus lena n-ionadaítear Treoir 2009/22/CE maidir le hurghairí chun leasanna tomhaltóirí a chosaint (Margadh Nua do Thomhaltóirí).** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** Uasmhéid 11 líne |
| Leanann an Measúnú Tionchair seo Seiceáil Oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh, meastóireacht ar Threoir 2011/83/AE maidir le Cearta Tomhaltóirí, ar foilsíodh iad araon i mBealtaine 2017, agus meastóireacht ar an Moladh maidir le Comhshásamh, a foilsíodh in Eanáir 2018. Léiríonn na torthaí, cé go bhfuil na rialacha substainteacha oiriúnach don fheidhm ar an iomlán, go bhfuil easpa feasachta agus deiseanna neamhleora forfheidhmiúcháin agus sásaimh do thomhaltóirí ag cur bac ar a n-éifeachtacht. In 2016, thuairiscigh 20.1 % de thomhaltóirí an Aontais Eorpaigh fadhbanna a bhain le cearta tomhaltóirí agus bhí 24 % de thrádálaithe den tuairim nach raibh dlí na dtomhaltóirí á chomhlíonadh ar bhealach sách maith. Dá bharr sin, déantar dochar don tomhaltóir agus cuirtear isteach ar an iomaíocht chóir do thrádálaithe. Thairis sin, léirigh na meastóireachtaí sin an gá atá leis na rialacha a nuachóiriú agus deireadh a chur le hualaí díréireacha i réimsí sonracha. Dá bhrí sin, tugtar aghaidh sa Mheasúnú Tionchair seo ar dtús ar shásraí mí-éifeachtacha reatha chun (1) sáruithe a stopadh agus a dhíspreagadh agus (2) a áirithiú go bhfaighidh tomhaltóirí sásamh i leith díobháil a bhain dóibh, go háirithe i gcásanna ina ndéantar díobháil do shlua mór daoine. Ansin dírítear ar nuachóiriú roinnt rialacha tomhaltóirí de chuid an Aontais Eorpaigh i bhfianaise forbairtí digiteacha agus ualaí díréireacha ar thrádálaithe i limistéir áirithe a bhaint. Táthar ag ceapadh go rachaidh na fadhbanna seo chun donais le himeacht ama de réir mar a thiocfaidh méadú ar idirbhearta tomhaltóirí mar gheall ar dhomhandú agus digitiú. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** Uasmhéid 8 líne |
| Is é atá mar aidhm leis an tionscnamh seo timpeallacht shláintiúil tomhaltóirí a chomhdhlúthú a thuilleadh, timpeallacht a thacaíonn le fás eacnamaíoch de bhrí gurb é an caiteachas tomhaltóirí atá in 56 % de OTI an Aontais Eorpaigh. Ba cheart go laghdódh na bearta atá beartaithe, ar thaobh an éilimh de, dochar don tomhaltóir, go gcothóidís muinín agus go gcumhachtóidís tomhaltóirí chun páirt a ghlacadh i bhforbairt na margaí. Ar thaobh an tsoláthair de, tá sé mar aidhm acu iomaíocht chóir agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do chuideachtaí. Is éard is aidhm leis na cuspóirí sonracha: (1) comhlíonadh dlí tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh a fheabhsú agus (2) rialacha cosanta tomhaltóirí a nuachóiriú agus costais neamhriachtanacha ar thrádálaithe a dhíothú. Cabhróidh an méid sin leis na cuspóirí ginearálta seo a leanas: (1) leibhéal ard de chosaint tomhaltóirí a áirithiú agus (2) feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, chun tairbhe tomhaltóirí agus trádálaithe araon. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** Uasmhéid 7 líne |
| Baineann cosaint tomhaltóirí le hinniúlachtaí roinnte na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh. Tá na fadhbanna a aithníodh sa Mheasúnú Tionchair seo forleathan agus is iad na cúiseanna céanna atá leo ar fud an Aontais Eorpaigh. I gcásanna de chleachtais neamhdhleathacha fhorleathana a dhéanann difear do roinnt Ballstát, ní mór an forfheidhmiú a bheith bunaithe ar chreat dlí substainteach comhchoiteann agus aonfhoirmeach. Fuarthas sa Tuarascáil ar Sheiceáil Oiriúnachta gurb é an luach breise is tábhachtaí a bhaineann le dlí tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh go gcumasaíonn na rialacha comhchuibhithe údaráis forfheidhmiúcháin náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtaí ar sháruithe trasteorann atá ag déanamh díobhála do thomhaltóirí i roinnt Ballstát. Ag an am céanna, ceadaíonn na rialacha comhchuibhithe do thrádálaithe trádáil trasteorann a dhéanamh ar bhealach níos éasca agus ag costas níos ísle. |

| B. Réitigh |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** Uasmhéid 14 líne |
| Maidir leis an easpa comhlíonta, tá roinnt beart déanta nó á ndéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithníodh sna meastóireachtaí roimhe seo. Dírítear sa tionscnamh seo ar fhoinsí fadhbanna nár tugadh aghaidh orthu fós ar shlí eile. Breithnítear roghanna neamhreachtacha, ach, mar a mholtar sna meastóireachtaí, is bearta reachtacha spriocdhírithe iad na roghanna atá molta. |

Chomhlánóidís na céimeanna reachtacha agus neamhreachtacha atá déanta cheana. Maidir le nuachóiriú rialacha tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh, déantar measúnú ar chur chuige neamhreachtach freisin, ach i ngach cás fuarthas nach dócha go mbeadh aghaidh á tabhairt go hiomlán ar na spreagthaí fadhbanna. Áirítear sa phacáiste roghanna tosaíochta bearta chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- Pionóis níos athchomhairlí agus níos comhréirí le haghaidh sáruithe ar rialacha tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh,
- Leigheasanna dóibh siúd ar bhain cleachtais tráchtála éagóracha dóibh,
- Sásraí neartaithe le haghaidh comh-urghairí agus comhshásaimh,
- Trédhearcacht mhéadaithe le haghaidh idirbhearta B2C ar mhargaí ar líne,
- Cosaint tomhaltóirí feabhsaithe le haghaidh seirbhísí digiteacha "saor in aisce", i.e. arna soláthar gan íocaíocht airgeadaíochta,
- Nuachóiriú ceanglais faisnéise,
- Ceartú éagothroimí a bhaineann leis an gceart chun tarraingt siar ó chonarthaí ciandíolacháin agus ó chonarthaí díolacháin seacháitribh.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** Uasmhéid 7 líne

Tacaíonn **comhlachais tomhaltóirí** leis na bearta ar fad atá molta, ach amháin na bearta a bhaineann leis na ceanglais faisnéise agus an ceart tarraingt siar. Tacaíonn **comhlachais ghnó** leis na bearta atá molta maidir le trédhearcacht sna margaí ar líne, seirbhísí digiteacha "saor in aisce" (go páirteach), ceanglais faisnéise agus an ceart chun tarraingt siar. Tá **comhlachais ghnó** in aghaidh na mbeart atá molta maidir le pionóis, leigheasanna, comh-urghairí agus comhshásamh agus seirbhísí digiteacha "saor in aisce". Tacaíonn go leor **údarás Ballstáit** leis na bearta atá molta maidir le leigheasanna, comh-urghairí agus comhshásamh, trédhearcacht sna margaí ar líne agus seirbhísí digiteacha "saor in aisce". Tá imní ar údaráis Ballstát áirithe faoi bhearta maidir le pionóis, leigheasanna agus an ceart chun tarraingt siar.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** Uasmhéid 12 líne

Fágfaidh an pacáiste de roghanna tosaíochta go mbeidh sásamh do thomhaltóirí níos éasca agus níos éifeachtaí, agus, dá réir sin, go laghdófar dochar don tomhaltóir a rachaidh chun tairbhe tomhaltóirí leochaileacha go háirithe. Feabhsóidh sé comhlíonadh freisin trí dhíspreagadh méadaithe. Comhlánú a bheidh sa bheart ar an Rialachán athbhreithnithe maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí agus tacóidh sé le feidhmiú éifeachtach an Rialacháin sin. Trí dheiseanna sásaimh feabhsaithe a thabhairt isteach agus bearnaí sa chosaint reatha le haghaidh idirbhearta digiteacha a líonadh, feabhsófar iontaoibh tomhaltóirí. Bainfidh trádálaithe a chloíonn leis an dlí tairbhe as iomaíocht níos córa. Beidh costais laghdaithe le híoc ag trádálaithe comhlíontacha, lena n-áirítear FBManna, mar gheall ar rialacha níos cothroime maidir leis an gceart chun tarraingt siar, simpliú ceanglas faisnéise, éifeachtúlacht fheabhsaithe ina gcumarsáid ar líne le tomhaltóirí agus comhchuibhiú rialacha, go háirithe i dtaca le hidirbhearta ar líne. Féadfar a bheith ag súil le tionchair dhearfacha ar an gcomhshaol freisin mar díspreagfar trádálaithe ó nithe míthreoracha a mhaíomh i ndáil leis an gcomhshaol.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** Uasmhéid 12 líne

Ní bheidh aon chostais shuntasacha i gceist do thrádálaithe comhlíontacha mar gheall ar bhearta maidir le pionóis, leigheasanna agus comh-urghairí agus comhshásamh. Beidh costais bhreise le híoc ag trádálaithe neamhchomhlíontacha mar gheall ar na bearta seo, go háirithe mar gheall ar phionóis níos déine agus de bhrí go mbeidh sásraí níos fearr ag tomhaltóirí chun leigheasanna a éileamh, i gcás comhimeachtaí freisin b'fhéidir, a "bhainfidh" an brabús a fuarthas go neamhdhleathach. Leis an mbeart maidir le seirbhísí digiteacha "saor in aisce", beidh costais bhreise chomhlíonta le híoc ag soláthraithe seirbhísí den sórt sin. Ina theannta sin, tugann an beart maidir le trédhearcacht sna margaí ar líne le tuiscint go mbeidh costais i gceist chun comhéadain ar líne a oiriúnú chun faisnéis áirithe a bhailiú ó thrádálaithe tríú páirtí agus an fhaisnéis sin a aistriú chuig tomhaltóirí. Beidh coigilteas i gceist freisin leis an dá bheart seo, áfach, de bharr rialacha níos comhchuibhithe idir na Ballstáit agus soiléireacht dhlíthiúil níos fearr. Cruthóidh na bearta maidir le ceanglais faisnéise agus an ceart chun tarraingt siar coigiltis do thrádálaithe. Níltear ag súil le haon tionchair dhiúltacha chomhshaoil nó shóisialta.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** Uasmhéid 8 líne

I gcomhréir le dlí tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh mar atá sé faoi láthair, ní dhéantar foráil maidir le díolúintí le haghaidh FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair. Bheadh sé seo contrártha do chuspóir ginearálta na rialacha

| |
|---|
| cosanta tomhaltóirí agus ar deireadh contrártha do leasanna FBManna freisin, mar go mbeadh leibhéal níos ísle cosanta ag tomhaltóirí agus, dá réir sin, níos lú muiníne acu agus iad ag ceannach uathu. Cé go mbeidh na costais do ghnóthaí neamhshuntasach ar an iomlán, laghdóidh an pacáiste roghanna tosaíochta na costais do ghnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, i ndáil leis an gceart chun tarraingt siar agus bainfidh siad tairbhe as trédhearcacht mhéadaithe nuair a bhíonn earraí á ndíol le tomhaltóirí trí mhargaí ar líne. Laghdóidh sásraí forfheidhmiúcháin agus sásaimh níos déine na héifeachtaí diúltacha ó iomaíocht éagórach. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** Uasmhéid 4 líne |
| Le bearta maidir le pionóis, leigheasanna agus comh-urghairí agus comhshásamh beidh costais i gceist do na Ballstáit sin a mbeidh orthu rialacha náisiúnta a athchóiriú, mar shampla, maidir le pionóis nó sásraí sásaimh tomhaltóirí. A bhuí le comhlíonadh méadaithe, áfach, beidh coigilteas ann de bharr costais laghdaithe nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha. Cuíchóireoidh sásraí comhshásaimh imeachtaí breithiúnacha i gcásanna díobhála do shlua mór daoine. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** Uasmhéid 6 líne |
| De bhrí go bhfuil an pacáiste tosaíochta dírithe ar chomhlíonadh feabhsaithe dlí tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh, éireoidh cearta tomhaltóirí níos inláimhsithe do thomhaltóirí aonair agus dá réir sin feabhsófar an glacadh a bheidh ag saoránaigh agus ag gnólachtaí leis an luach breise atá le rialacha an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh an beart maidir le comh-urghairí agus comhshásamh cur le rochtain níos fearr ar cheartas. Ina theannta sin, is dócha go mbeidh tionchair dhearfacha ag bearta maidir le pionóis, leigheasanna agus comh-urghairí agus comhshásamh ar thomhaltóirí leochaileacha agus ar an gcomhshaol. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** Uasmhéid 4 líne |
| Sa bhreis ar fhaireachán rialta, moltar meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhtháthú agus luach breise an Aontais Eorpaigh chomh fada is a bhaineann leis an mbeart reachtach gach cúig bliana tar éis an chur chun feidhme ag na Ballstáit, bunaithe ar chroí-tháscairí dul chun cinn réamhchinntithe. |